Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10531 — Santander/Mapfre/JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 134/09)

1. An 11 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Banco Santander, S.A. agus a fhochuideachtaí ("Banco Santander", an Spáinn),

— Mapfre, S.A ("Mapfre", an Spáinn).

Gheobhaidh Santander agus Mapfre rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuachruthaithe ("JV") de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— Is é Banco Santander máthairchuideachta Ghrúpa Santander. Is iad na príomhghníomhaíochtaí atá aige baincéireacht mhiondíola, árachas, baincéireacht chorparáideach, baincéireacht infheistíochta, bainistíocht sócmhainní agus gníomhaíochtaí um chiste ar fud na hEorpa, agus sna Stáit Aontaithe, i Meiriceá Laidineach agus san Áise.

— Is é Mapfre máthairchuideachta Ghrúpa Mapfre, agus tá sé i láthair sna hearnálacha árachais agus athárachais i 44 tír ar fud an domhain.

— Tá sé beartaithe go mbeidh an JV gníomhach i margadh na Spáinne maidir le seirbhísí miondíola baincéireachta, go háirithe maidir le tráchtálú morgáistí droim ar ais do dhaoine aonair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10531 — Santander/Mapfre/JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË